

Moill ar thuarascáil

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi thuarascáil atá ag cothú aighnis idir dhá ghníomhaíocht sláinte. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos?

- Health Information and Quality Authority
- Health Service Executive
- for legal reasons
- maternity unit
- it came in the heels of
- looking for more details
- draft report
- shortcoming, inadequacy
- corporate management
- two state agencies
- a waste of time and money
- bilateral process

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus déan achoimre don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3

Ceisteanna sa Ghaeilge

1. Féach ar na ceisteanna coitianta seo. Cén cheist a bhfuil an clásal coibhneasta **indíreach** inti?

Conas atá tú?

Cad é mar atá tú?

Cén chaoi a bhfuil tú?

2. Féach ar na focail seo ar fad a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh. Cé na cinn a ghlacann an clásal coibhneasta **díreach** agus cé na cinn a úsáideann an clásal coibhneasta **indíreach**?
Cuir na focail sna boscaí cearta:

cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit, cén fhad, cén uair, cad é mar, cén dóigh

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach

3. Cum ceisteanna **faoin tuairisc**, leis na focail atá sna boscaí faoi cheist 2 anois; agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mara shampla:

- ✓ *Cé chomh minic a luaitear an tAire Sláinte sa mhír?*
- ✓ *Cad chuige a bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag bagairt an dlí a chur ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte?*

Ceist 4 ‘...nár mhaith leis...’

A. Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart de na forainmneacha réamhfhoclacha.

as	asam		as		asainn		astu
chuig		chugat		chuici		chugaibh	
faoi	fúm		faoi		fúinn		fúthu
le		leat		léi		libh	

B. Anois, líon na bearnaí sna habairtí leis an bhforainm réamhfhoclach cuí.

1. Féach an mháthair agus a mac! Nach bhfuil sí an-bhródúil _____?
2. Tá mé an-ínníoch _____. Nach mothaíonn tú níos fearr fós?
3. An bhfaca tú na cailíní? Chonaic. Bhuaill mé _____ ar maidin.
4. Breithlá an chúpla atá ann inniu. Cuir téacs _____.
5. Baineadh geit _____ nuair a chonaic mé cé chomh sean is a d'éirigh sé.
6. Tá Sinéad in éad _____ mar tá sí níos dathúla ná í.
7. Nuair a bhí siad sa bhialann bhí an freastalaí chomh drochbhéasach sin go ndearna siad gearán _____.
8. Tá na páistí sin ag dul ar mire agus níl a fhios agam cé atá freagrach _____.

Ceist 5 Cuir na focail úsáideacha seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

*mar gheall ar
moill
easpa
easnamh
cur amú ama
gan mhoill*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad a cheapann tú faoi Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte?
2. An bhfuil meas agat ar an Aire Sláinte, Leo Varadkar?
3. Ar cheart go mbeadh pósadh comhghnéis in Éirinn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- Health Information and Quality Authority – *An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte*
- Health Service Executive – *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*
- for legal reasons – *ar chúinsí dlí*
- maternity unit – *aonad máithreachais*
- it came in the heels of – *tháinig sé sna sála ar*
- looking for more details – *ag lorg tuilleadh sonraí*
- draft report – *dréacht-tuarascáil*
- shortcoming, inadequacy – *easnamh*
- corporate management – *bainistíocht chorparáideach*
- two state agencies – *dhá áisíneacht stáit*
- a waste of time and money – *cur amú ama agus airgid*
- bilateral process – *próiseas déthaobhach*

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt achoimre a dhéanamh ar an tuairisc.

Ceist 3

1. 'Cén chaoi a bhfuil tú?' Is é **a bhfuil** an leagan coibhneasta indíreach de **tá/atá**.
- 2.

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach
<i>cé chomh minic, cad, cé, cathain, conas, céard, cén fhad, cén uair, cad é mar</i>	<i>cad chuige, cén chaoi, cén tslí, cén fáth, cén áit, cén dóigh</i>

3. Ceisteanna samplacha:

Cé chomh minic is a luaitear an tAire Sláinte?
 Cad atá ag cur isteach ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte?
 Cé a bhí ina Aire Sláinte os cionn bliain ó shin?
 Cathain a fhoilseofar an tuarascáil?
 Conas atá an mhoill ag cur amú airgid don cháiniócoir?
 Céard a dúirt an tAire Varadkar faoin scéal?
 Cén fhad a mhair na fadhbanna san aonad máithreachais?
 Cén uair a thiofadh réiteach ar an scéal, dar leat?
 Cad é mar atá cúrsaí san aonad máithreachais anois, dar leat?

Cad chuige a bhfuil fearg ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte?
 Cén chaoi ar tháinig an scéal chun cinn faoi bhás leanaí san ospidéal?
 Cén tslí a bhfuil an Fheidhmeannacht ag cur moille ar fhoilsiú na tuarascála?
 Cén fáth nach bhfuil Leo Varadkar sásta?
 Cén áit a bhfuil an t-aighneas?
 Cén dóigh a bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag bagairt ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte?

Ceist 4

as	asam	asat	as	aisti	asainn	asaibh	astu
chuig	chugam	chugat	chuige	chuici	chugainn	chugaibh	chucu
faoi	fúm	fút	faoi	fúithi	fúinn	fúibh	fúthu
le	liom	leat	leis	léi	linn	libh	leo

1. Féach an mháthair agus a mac! Nach bhfuil sí an-bhródúil **as**?
2. Tá mé an-íománach **fút**. Nach mothaíonn tú níos fearr fós?
3. An bhfaca tú na cailíní? Chonaic. Bhuail mé **leo** ar maidin.
4. Breithlá an chúpla atá ann inniu. Cuir téacs **chucu**.
5. Baineadh geit **asam** nuair a chonaic mé cé chomh sean is a d'éirigh sé.
6. Tá Sinéad in éad **léi** mar tá sí níos dathúla ná í.
7. Nuair a bhí siad sa bhialann bhí an freastalaí chomh drochbhéasach sin go ndearna siad gearán **faoi**.
8. Tá na páistí sin ag dul ar mire agus níl a fhios agam cé atá freagrach **astu**.

Ceist 5

mar gheall ar – about

moill – delay

easpa – lack, want

easnamh – shortcoming, inadequacy

cur amú ama – waste of time

gan mhoill – without delay, soon

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Dúirt an tAire Sláinte, Leo Varadkar, tráthnóna nár mhaith leis go mbeadh An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag cur an dlí ar a chéile, mar gheall ar thuarascáil faoi bhás leanaí ag an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre i bPort Laoise. Tá moill curtha ar fhoilsiú na tuarascála ar chúinsí dlí.

Peadar Mac Gaoithín

Ba é an tAire Sláinte ag an am, James Reilly, a bhunaigh fiosrúchán os cionn bliain ó shin faoi bhás cúigear leanaí in aonad máthreachais in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre i bPort Laoise, idir 2006 agus 2012. Tháinig seo sna sála ar thuairisc de chuid aonad fiosrúcháin RTÉ inar ardaíodh ceisteanna faoin aonad. Anois tá moill curtha ar fhoilsiú thuarascáil an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte faoi na básanna mar gheall ar cheisteanna atá ardaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Deir an Fheidhmeannacht go mb'fhéidir go dtógfar cás dlí má fhoilsítear an tuarascáil san fhoirm ina bhfuil sí faoi láthair.

Tá an Fheidhmeannacht ag lorg tuilleadh sonraí agus cáipéisí ó HIQA faoin dréacht-tuarascáil. Deir siad go bhfuil easpa comhthéacs agus cothromaíochta inti, go bhfuil botúin sa dréacht-tuarascáil agus nach dtugtar bunús le cinntí¹ sa dréacht-tuarascáil a bhaineann le fostaithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó leis an Fheidhmeannacht féin. Tugtar le tuiscint sa dréacht-tuarascáil go bhfuil cuid den locht faoinar tharla san ospidéal le cur ar easnamh sa bhainistíocht chorparáideach shinsearach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Dúirt an tAire Sláinte, Leo Varadkar, tráthnóna nár mhaith leis go mbeadh dhá áisíneacht stáit ag cur an dlí ar a chéile mar gheall ar an tuarascáil. Cur amú ama agus airgid cáiníocóirí a bheadh anseo a dúirt sé. Dúirt sé go bhfuil próiseas déthaobhach aontaithe ag HIQA agus ag an HSE le gur féidir an tuarascáil a fhoilsiú gan mhoill.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ *cinnithe* a deirtear